Foirm Iarratais don

# Sochar Máithreachais

Seirbhísí Leasa hóisialaigh

**MB 1**

Rangú Sonraí R

## Cad is Sochar Máithreachais ann?

Is éard atá i gceist le Sochar Máithreachais ná íocaíocht le haghaidh daoine fostaithe atá as an obair ar shaoire mháithreachais agus a bhfuil clúdach árachais shóisialta (ÁSPC) acu. Chun cáiliú don uastréimhse shaoire mháithreachais 26 seachtaine, caithfidh tú an tsaoire mháithreachais a thosú coicís ar a laghad roimh dheireadh na seachtaine atá beartaithe don leanbh teacht ar an saol.

## Cad atá de dhíth chun an fhoirm iarratais seo a líonadh isteach?

Teastóidh d'uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (Uimhir PSP) uait mar aon le faisnéis faoin áit a bhfuil tú i do chónaí, faoi do leanaí, faoi do stádas caidrimh, chomh maith leis an áit lenar mhaith leat d'íocaíocht a bheith íoctha.

Más Fostaí thú:

- Líon isteach Cuid 1 go Cuid 6 le do thoil, de réir mar a bhaineann siad leat, agus déan cinnte go léann tú Seicliosta Chuid 7 agus go síníonn tú an dearbhú i gCuid 4.
- Beidh ort iarraidh ar d'fhostóir an Teastas Fostóra (MB2), atá ceangailte freisin, a chomhlánú.

Má tá tú Féinfhostaithe nó má tá tar éis éirí as fostaíocht inárachaithe le déanaí:

- Líon isteach Cuid 1 go Cuid 6 le do thoil, de réir mar a bhaineann siad leat, agus déan cinnte go léann tú Seicliosta Chuid 7 agus go síníonn tú an dearbhú i gCuid 4.
- Beidh ort iarraidh ar do dhochtúir an Teastas Dochtúra (MB3), atá ceangailte freisin, a chomhlánú.

## Conas an fhoirm iarratais seo a chomhlánú?

- Bain úsáid as an leathanach seo mar threoir chun an fhoirm seo a líonadh.Tá sampla ar fáil ar chúl.
- Bain úsáid as **peann gránbhiorach DUBH** le do thoil.
- Bain úsáid as **BLOCLITREACHA** le do thoil agus cuir **X** sna boscaí cuí.
- Freagair gach uile cheist a bhaineann leat, agus fág aon chinn nach mbaineann leat bán.

## Conas is féidir liom iarratas a dhéanamh?

- Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar líne, ar MyWelfare.ie, é sin nó
- Cuir an fhoirm seo, agus í comhlánaithe, isteach chuig:

Rannán an tSochair Mháithreachais
An Roinn Coimirce Sóisialaí
Bóthar McCarter
Bun Cranncha
Co Dhún
na nGall
F93 CH79

**Tábhachtach:** Cuir an fhoirm seo isteach 6 seachtaine ar a laghad (12 sheachtain má tá tú féinfhostaithe) sula bhfuil sé i gceist agat tús a chur leis an tréimhse saoire mháithreachais. Iarraimid ort gan an fhoirm seo a chur isteach chugainn níos mó ná 16 seachtaine roimh dheireadh na seachtaine atá beartaithe don leanbh teacht ar an saol.

Má tá aon deacracht agat an fhoirm seo a líonadh, téigh i dteagmháil le Rannán an tSochair Mháithreachais, le haon bhrainse de chuid Intreo nó leis an Oifig Brainse Leasa Shóisialaigh i do cheantar féin.

Chun tuilleadh eolais a fhail, féach **www.gov.ie**

## Conas an chéad leathanach den fhoirm seo a líonadh isteach

Chun cabhrú linn d'iarratas a phróiseáil:

- Priontáil na litreacha agus uimhreacha go soiléir.
- Úsáid bosca amháin le haghaidh gach aon charachtar (litir nó uimhir).

Féach an sampla ag seo thíos.

| | |
|---|---|
| **1.** D'Uimhir PSP: | 1 2 3 4 5 6 7 T |
| **2.** Teideal: (Cuir isteach 'X' nó sonraigh) | Uas [ ] Bean [X] Ms [ ] Eile [ ] |
| **3.** Sloinne: | M U R P H Y |
| **4.** Céadainm (neacha): | M A U R E E N |
| **5.** Sloinne breithe: | M C D E R M O T T |
| **6.** Do dháta breithe: | 2 8 / 0 2 / 1 9 9 0 (L L / M M / B B B B) |

## Sonraí Teagmhála

| | |
|---|---|
| **7.** Do sheoladh: | 1 NEW STREET |
| | OLD TOWN |
| | DONEGAL TOWN |
| Contae | DONEGAL |
| Éirchód/Cód Poist | A12B123 |
| **8.** D'uimhir theileafóin: | ONE NUMBER PER BOX |
| **9.** Do sheoladh ríomhphoist: | ONE CHARACTER PER |
| | BOX |

SAMPLA

Seirbhísí Leasa hóisialaigh

**MB 1**

Rangú Sonraí R

Foirm Iarratais don

# Sochar Máithreachais

## Cuid 1 Do chuid sonraí féin

1. D'Uimhir PSP:
2. Teideal: (cuir isteach 'X' nó sonraigh eile) An ☐ tUas ☐ Bean ☐ Eile
3. Sloinne:
4. Céadainm(neacha):
5. Sloinne breithe:
6. Do dháta breithe: L L M M B B B B

## Sonraí Teagmhála

7. Do sheoladh:

Contae

Éirchód/Cód Poist

8. D'uimhir theileafóin:

Má iontrálann tú d'uimhir fhóin phóca, beimid in ann téacs a chur chugat maidir le d'éileamh.

9. Do sheoladh ríomhphoist:

## Cuid 2 Do shaoire agus sonraí faoi d'obair

10. An bhfuil tú?

☐ Fostaithe ☐ Fostaithe agus féinfhostaithe Araon

☐ Féinfhostaithe ☐ Níl mé fostaithe faoi láthair

Bíonn tú **fostaithe** nuair atá tú ag obair le haghaidh duine nó do chuideachta eile a bhfuil pá á íoc leat as seo obair sin.

11. An bhfuil níos mó ná aon phost amháin agat? ☐ Tá ☐ Níl

**Más amhlaidh**, sonraigh cé mhéad:

Tabhair faoi deara, sa chás go bhfuil níos mó ná aon fhostóir amháin agat, caithfidh gach fostóir Teastas Fostóra, **MB 2**, a chomhlánú.

## Cuid 2 ar leanúint — Do shaoire agus sonraí faoi d'obair

**12**. An raibh tú i do chónaí fostaithe nó an bhfuair tú íocaíocht leasa shóisialaigh i dtír eile den AE le trí bliana anuas?

☐ Bhí ☐ Ní Raibh

Más **amhlaidh**, sonraigh:

An Tír:

Má tá tú **fostaithe**, ba chóir d'fhostóir dátaí do shaoire mháithreachais a lua ar an Teastas Fostóra, **MB2**, atá ceangailte leis seo. Más rud é go bhfuil tú **féinfhostaithe**, líon isteach sonraí faoin saoire agat ag seo thíos.

**13.** Cathain atá sé ar intinn agat tús a chur leis an tsaoire mháithreachais? L L / M M / B B B B

**14.** An dáta a bhfuil sé ar intinn agat filleadh ar an fhéinfhostaíocht tar éis do shaoire mháithreachais? L L / M M / B B B B

Ná déan dearmad na teastais agus na doiciméid ábhartha a chur isteach in éineacht leis an iarratas seo.

## Cuid 3 — Do shonraí íocaíochta

Cuir isteach **X** i gceann de na boscaí ag seo thíos le do thoil chun an rogha a dhéanamh maidir leis an duine lenar mhaith leat d'íocaíocht a eisiúint.

Ba cheart an íocaíocht seo a bheith eisithe: Leat féin ☐ **nó** Le d'fhostóir ☐

## Íocaíocht díreach le d'fhostóir

Más mian leat an íocaíocht a bheith íoctha le d'fhostóir, ba cheart d'fhostóir a sonraí cuntais a chomhlánú ar an Teastas Fostóra, **MB 2**.

Údaraím don Roinn Coimirce Sóisialaí an Sochar Máithreachais agam a íoc le cuntas m'fhostóra atá aige in institiúid airgeadais.

Síniú (**ní** i mbloclitreacha)

Más le d'fhostóir atá an íocaíocht le bheith déanta, ná comhlánaigh an chuid ag seo thíos.

## Do shonraí íocaíochta - Institiúid Airgeadais

Más mian leat go n-íocfar an íocaíocht díreach isteach i do chuntas reatha, taisce nó coigiltis, líon isteach sonraí do chuntais thíos le do thoil.

Tiocfaidh tú ar na sonraí seo a leanas priontáilte ar ráitis ó d'institiúid airgeadais.

Ainm na hinstitiúide airgeadais:

Cód Aitheantóra Bainc (BIC):

Uimhir Idirnáisiúnta Chuntas Bainc (IBAN):

Ainm(neacha) ar an gcuntas:

## Cuid 4 — Dearbhú

**Dearbhaím an méid seo:**

- Tá an dáta tugtha atá beartaithe nó an dáta breithe iarbhír le haghaidh breith mo linbh deimhnithe tar éis seachtain 24 den toircheas. Tá an dáta sin deimhnithe ag m'fhostóir (má tá tú fostaithe), nó ag mo dhochtúir (má tá tú féinfhostaithe nó más rud é nach bhfuil tú ag obair a thuilleadh).
- Ní ghlacfaidh mé le haon chineál fostaíochta nó féinfhostaíochta fad is a bheidh mé ar shaoire mháithreachais.
- Údaraím don Roinn Coimirce Sóisialaí sonraí faoi m'éileamh ar shaoire mháithreachais agus shochar a sholáthar do m'fhostóir.
- Is fíor agus is iomlán an fhaisnéis atá curtha síos agam san fhoirm seo. Tuigim mbeidh orm aon íocaíocht a fhaighim ón roinn a aisíoc agus gur féidir go gcúiseofar mé as más rud é go bhfuil aon chuid den fhaisnéis a chuir mé ar fáil bréagach, nó míthreorach, nó má theipeann orm aon fhaisnéis ábhartha a nochtadh.
- Geallaim go gcuirfidh mé an roinn ar an eolas láithreach faoi aon athrú ar mo chúinsí a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar mo theidlíocht leanúnach.

| | Dáta: | L L | M M | B B B B |
|---|---|---|---|---|

**Síniú amháin** (**ní** i mbloclitreacha agus ní ghlactar le fótachóipeanna)

Ceanglaítear ar an roinn, faoin reachtaíocht, faisnéis a roinnt le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

**Rabhadh:** Féadfar tú a ionchúiseamh, agus go ngearrfar fíneáil nó téarma príosúnachta araon ort, má thugann tú ráiteas bréagach nó má choinníonn tú siar faisnéis.

# Cuid 5 Sonraí Ioncaim do Chéile, do Pháirtí Sibhialta nó do Chomháitritheora

**15.** Cad é do stádas caidrimh reatha?

Singil ☐ Scartha, colscartha nó i d'iarpháirtí Sibhialta ☐

Comhchónaitheoir, pósta nó páirtí sibhialta ☐ Baintreach/baintreach fir nó páirtí sibhialta marthanach ☐

Más rud é nach bhfuil céile, páirtí sibhialta nó comhchónaitheoir agat, lean ar aghaidh go dtí **Cuid 6: Do Leanaí.**

Má tá céile, páirtí sibhialta nó comhchónaitheoir agat agus más mian leat éileamh a dhéanamh ar mhéadú ar d'íocaíocht Sochair Mháithreachais i leith an aosach cleithiúnach nó i leith leanaí, léigh an fhaisnéis thíos le do thoil agus comhlánaigh **Cuid 5 agus Cuid 6** (más ábhartha).

- Má tá tú pósta, i gcomhpháirtíocht shibhialta nó i do chomhchónaitheoir, féadfar go gcáileofá le méadú ar d'íocaíocht má mheastar gur cleithiúnach aosach é do chéile, do pháirtí sibhialta nó do chomhchónaitheoir.
- Más rud é go bhfuil tú colscartha, scartha nó má díscaoileadh do chomhpháirtíocht shibhialta, is féidir d'iarchéile nó do pháirtnéir sibhialta a bheith measta mar dhuine fásta cleithiúnach in imthosca áirithe.
- Chun méadú i leith duine fásta cleithiúnach a éileamh, ní mór gur ionann a ollioncam (is ionann an ollioncam agus d'ioncam roimh cháin, ÁSPC, dleachtanna ceardchumainn nó aon asbhaint eile) agus €310, nó níos lú ná sin, sa tseachtain.
- Caithfidh don chleithiúnaí aosach a bheith ina chónaí san AE/LEE nó san Eilvéis. Ní féidir an cleithiúnaí a chur i bpríosún agus ní mór nach mbeidh sé ag fáil íocaíochta leasa shóisialaigh dó féin, ach amháin iad siúd atá liostaithe ar leathanach 7.
- Déanann an roinn an t-ioncam seachtainiúil ó chaipiteal a mheas; cur síos an luach caipitil iomlán le do thoil. Féach leathanach 8 chun fáil amach conas luach caipitil a ríomh agus chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi a ndéanann an roinn é a mheas mar ioncam.
- Féach leathanach 7 agus 8, le do thoil, chun tuilleadh sonraí agus faisnéise a fháil ar conas an meánioncam a ríomh.

**Más rud é go bhfuil tú fós ag iarraidh méadú a éileamh i leith cleithiúnaí/aithe, tar éis an méid ag seo thuas a léamh, comhlánaigh ceisteanna 16 go 24 thíos.**

**16.** A (h)Uimhir PSP: ☐☐☐☐☐☐☐☐☐

**17.** A s(h)loinne: ☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐

**18.** A c(h)éadainm(neacha): ☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐

**19.** An bhfuil do chéile, do pháirtí shibhialta nó do chomhchónaitheoir ina chónaí leat?

☐ Tá ☐ Níl

Sa chás nach bhfuil siad ina gcónaí leat, an bhfuil cothabháil á íoc agat leis nó léi?

☐ Tá ☐ Níl

**Más amhlaidh**, sonraigh an méid seachtainiúil:

€ ☐, ☐☐☐. ☐☐

**20.** An bhfuil do chéile, do pháirtí shibhialta nó do chomhchónaitheoir ag fáil Sochar Atharthachta nó aon sochar leasa eile?

☐ Tá ☐ Níl

**21.** An bhfaigheann do chéile, do pháirtí sibhialta nó do chomhchónaitheoir íocaíocht nó liúntas as aon cheann de na cúrsaí nó de na scéimeanna ag seo a leanas?

An Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG/VTOS): ☐

Cúrsa nó Scéim Bhreisoideachais agus Oiliúna (BOO): ☐

Tús nó Tairseach: ☐

Má tá freagra dearfach tugtha agat d'aon cheann de na ceisteanna thuas, luaigh an liúntas/íocaíocht iomlán a bhfaightear in aghaidh na seachtaine:

€ ☐,☐☐☐.☐☐

**22.** An bhfuil do chéile, do pháirtí shibhialta nó do chomhchónaitheoir fostaithe nó féinfhostaithe?

☐ Tá ☐ Níl

**Más amhlaidh**, luaigh an t-oll-ioncam seachtainiúil atá acu:

€ ☐,☐☐☐.☐☐

Is ionann **an t-ollioncam seachtainiúil** agus d'ioncam iomlán seachtainiúil roimh cháin, ÁSPC, dleachtanna ceardchumainn nó aon asbhaint eile.

**23.** An bhfuil ioncam ó aon cheann de na foinsí seo a leanas ag do chéile, do pháirtí sibhialta nó do chomhchónaitheoir?

Pinsean príobháideach nó gairme (as Éirinn nó as tír eachtrach): ☐

Pinsean, sochar nó liúntas arna íoc ag an stáit ó thír eachtrach: ☐

Cothabháil: ☐

Ioncam cíosa (lena n-áirítear ioncam ó chuid dá dteach a bheith ligthe ar cíos): ☐

Ciste iontaobhais nó gníomhas cúnant: ☐

Má tá freagra dearfach tugtha agat d'aon cheann de na ceisteanna thuas, luaigh an t-ollioncam seachtainiúl atá acu ó gach uile fhoinse.

€ ☐,☐☐☐.☐☐

**24.** An bhfuil aon cheann de na nithe ag seo a leanas ag do chéile, do pháirtí sibhialta nó do chomhchónaitheoir:

Maoin nó talamh, seachas teach an teaghlaigh (nach bhfuil ar cíos nó ar léas): ☐

Stoc, scaireanna nó infheistíochtaí: ☐

Coigiltis: ☐

Má **Tá**, luaigh an sciar den luach caipitil iomlán atá aige nó aici ó gach foinse, slánaithe go dtí an euro is gaire (féach **leathanach 9**):

€ ☐,☐☐☐,☐☐☐

Má tá aon mhaoin, coigilteas nó infheistíochtaí i gcomhpháirt le duine eile, ba cheart duit luach caipitil iomlán scair do chéile, do pháirtnéara shibhialta nó do chomhchónaitheora a thabhairt, mar shampla, má tá dhá dhuine i gceist leis an gcomhúinéireacht, roinn faoi dhó an méid, má tá trí dhuine i gceist, roinn faoi thrí srl.

**Nóta:** Iarrfar ort cruthúnas ar ioncam do chéile, do pháirtí shibhialta nó do chomhchónaitheora a chur isteach sa chás nach mbeidh an roinn in ann é a chinneadh.

# Cuid 6 Do Leanaí

Chun méadú i leith linbh chleithiúnaigh a éileamh, líon isteach na sonraí thíos.

Caithfidh tú **Cuid 5** a chomhlánú chomh maith más rud é go bhuil céile, páirtí sibhialta nó comhchónaitheoir agat a bhfuil oll-ioncam de **€400 nó níos lú in aghaidh na seachtaine** aige nó aici.

Ná líon isteach é i dtaca le leanaí 18-22 bhliain d'aois má tá siad san oideachas lánaimseartha.

## Leanbh 1

Uimhir PSP:

Ainm Iomlán an Linbh:

Dáta breithe: L L M M B B B B

Gaol atá aige/aici leat:

An bhfuil an leanbh ina chónaí leat? ☐ Tá ☐ Níl

## Leanbh 2

Uimhir PSP:

Ainm Iomlán an Linbh:

Dáta breithe: L L M M B B B B

Gaol atá aige/aici leat:

An bhfuil an leanbh ina chónaí leat? ☐ Tá ☐ Níl

## Leanbh 3

Uimhir PSP:

Ainm Iomlán an Linbh:

Dáta breithe: L L M M B B B B

Gaol atá aige/aici leat:

An bhfuil an leanbh ina chónaí leat? ☐ Tá ☐ Níl

**Nóta:** Is féidir bileog pháipéir ar leith a úsáid le haghaidh sonraí faoi leanaí eile ar mian leat éileamh a dhéanamh ina leith.

# Tuilleadh faisnéise faoin Sochar Máithreachais

## Cé is cleithiúnaí aosach chun críocha Sochar Máithreachais?

Is éard is cleithiúnaí aosach ann ná duine atá á chothú agat, go hiomlán nó go príomha, agus gurb é an gaol atá aige leat ná: céile, páirtí sibhialta, comhchónaitheoir, iarchéile, iarpháirtnéir sibhialta, nó duine os cionn 16 bliana atá ag tabhairt aire do cháilithe leanbh an éilitheora.

Sa chás go bhfuil lánúin scartha nó colscartha nó sa chás go bhfuil comhpháirtíocht shibhialta tar éis scaradh, is féidir iarchéile nó iarpháirtí an éilitheora a mheas mar chleithiúnaí aosach nuair:

- Nach bhfuil siad ag comhchónaí le duine eile.
- Nach mó an ioncam seachtainiúil atá acu ná an teorainn (thíos).
- Atá cothabháil sheachtainiúil á íoc agat atá cothrom le nó níos mó ná an ráta méadaithe reatha i leith chleithiúnaí aosaigh.

## Cad iad na teorainneacha ioncaim do chleithiúnaí aosach?

Níor chóir go mbeadh a íocaíocht leasa shóisialaigh féin ag do chleithiúnaí aosach ach amháin: Sochar Linbh, Sochar Míthreorach, Liúntas Cúraim Baile, Liúntas Cúraim Altrama, Íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach) agus (Neamh-Ranníocach), Liúntas Cúramóra Leathráta, Sochar Báis Díobhálacha Ceirde i leith dílleachta, agus/nó Liúntas Leasa Forlíontach.

- Ní féidir le do chéile, do pháirtí, nó do chomhchónaitheoir olltuilleamh seachtainiúil nó ioncam seachtainiúil (tuilleamh nó ioncam roimh asbhaintí cánach agus ÁSPC) de níos mó ná €310 a bheith aige.
- Má thuilleann do chleithiúnaí aosach níos lú ná €100 d’fhéadfá méadú iomlán a fháil i leith cleithiúnaí aosaigh.
- Má thuilleann do chleithiúnaí aosach idir €100 agus €310 d’fhéadfá ráta laghdaithe a fháil i leith cleithiúnaí aosaigh.
- Má thuilleann do chleithiúnaí aosach breis is €310, ní bhfaighfeá méadú ina leith ach d’fhéadfá fós cáiliú le méadú leathráta i leith leanaí cáilithe más rud é nach mó an tuilleamh sin ná €400.

## Conas meánioncam do chéile, do pháirtí sibhialta nó do chomhchónaitheora a ríomh?

**Saoire gan phá ón fhostaíocht:**

Is éard atá i gceist leis seo ná nuair a thógann do chéile, do pháirtí sibhialta nó do chomhchónaitheoir saoire gan phá. Beidh ort meastachán a sholáthar ar a n-ollioncam seachtainiúil sa bhliain atá le teacht.

Sa chás nach bhfuil an fhaisnéis sin ar fáil, ba cheart ioncam don bhliain atá le teacht a mheas trí thagairt a dhéanamh don ioncam sna 52 seachtain suas go dtí deireadh na tréimhse saoire.

**Eiseamláir:**

Nuair atá tú fostaithe tá ioncam seachtainiúil de €400 ag do chéile, do pháirtí sibhialta nó do chomhchónaitheoir agus tógann sé saoire gan phá ar feadh 13 seachtaine ón 1 Meitheamh 2020. Chun an méid tuillimh is dócháuil go bhfaigheadh siad sna 52 seachtaine ó thús na saoire a ríomh, ba cheart a n-ioncam seachtainiúil a iolrú faoi 39 (is é sin le rá 52-13), agus an fhigiúr sin a roinnt ar 52.

# Faisnéis faoin gcaoi a ndéanann an roinn measúnú ar d'ioncam

**Ioncam ón fhostaíocht, ó chothabháil, ón ioncam ó chíos/ligean, ó phinsin ó thíortha eile nó ó phinsin cheirde:**

Úsáidtear figiúr an ioncaim chomhláin, ní cheadaítear aon asbhaintí maidir le, mar shampla, cáin, ÁSPC, pinsean ná an Muirear Sóisialach Uilíoch.

- Sa chás go bhfaightear tuilleamh gach mí: ba cheart meán seachtainiúil an dá mhí dheireanacha a úsáid. Chun é seo a thiontú go meán seachtainiúil, cuir an t-iomlán don dá mhí le chéile, déan an figiúr sin a iolrú faoi sé chun an meán bliantúil a fháil, agus ansin an figiúr sin a roinnt ar 52 chun an mheánmhéid seachtainiúil a aimsiú.
- Sa chás go bhfaightear tuilleamh gach ceithre seachtaine: ba cheart meán seachtainiúil na hocht seachtaine dheireanacha a úsáid.
- Sa chás go bhfaightear tuilleamh gach seachtain nó gach coicís: ba cheart meán seachtainiúil na sé seachtaine dheireanacha a úsáid.

**Nóta:** Má tá na híocaíochtaí a fhaightear le linn na dtréimhsí thuasluaite neamhghnách, ba cheart tréimhse níos faide a úsáid.

**Ioncam seachas ioncam ón fhéinfhostaíocht (an fheirmeoireacht san áireamh):**

Ba cheart ioncam seachtainiúil ón fhéinfhostaíocht a mheas trí úsáid a bhaint as an ioncam a fuarthas sa bhliain chánach iomlán dheireanach, mar shampla na fáltais iomlána don bhliain lúide aon chostais a bhaineann leis an obair, agus an figiúr sin a roinnt ar 52.

**Ioncam ó mhaoin (nach bhfuil ligthe amach ar cíos), ó choigiltis, infheistíochtaí, stoic nó scaireanna:**

- Maidir le maoin nó talamh: is é a luach caipitil an luach margaidh reatha lúide aon mhorgáiste atá gan íoc.
- Maidir le stoic nó scaireanna: is é a luach caipitil líon iomlán na stoc nó na scaireanna arna iolrú faoin líon atá i do sheilbh.
- Maidir le coigilteas nó infheistíochtaí: is é a luach caipitil an méid iomlán atá i dtaisce sa chuntas nó sa chiste infheistíochta.

**Nóta:** is mar seo, a leanas, a dhéanann an roinn an luach ioncaim seachtainiúil a ríomh:

- An chéad €20,000: is ionann é agus ioncam seachtainiúil €0.
- An chéad €10,000 eile: is ionann é agus €1 ioncam seachtainiúil sa €1,000.
- An chéad €10,000 eile: is ionann é agus €2 ioncam seachtainiúil sa €1,000.
- Aon mhéid sa bhreis ar €40,000: is ionann é agus €4 ioncam seachtainiúil sa €1,000.

**Cúinsí ina bhfhéadfá a bheith i dteideal méadú i leith linbh chleithiúnaigh nuair nach bhfuil siad ina gcónaí leat:**

- Ranníocaíocht airgid: Má tá cothabháil á íoc agat i dtaca leis an leanbh atá ar chomhmhéid leis an méadú i leith Linbh Cháilithe, nó níos mó ná sin.
- Ranníocaíocht chomhchineáil: Má thugann tú aire do do leanbh nó do leanaí ar feadh tréimhse nó tréimhsí áirithe gach seachtain, mar shampla mar thugann siad cuairteanna rialta ort. D'fhéadfadh méadú i leith linbh chleithiúaigh a bheith iníoctha i gcásanna dá leithéid, más ionann do chostais cothrom leis an méadú reatha i leith linbh cháilithe, nó más mó é.

Chun tuilleadh eolais a fháil, téigh go dtí **www.gov.ie**

# Cuid 7 Seicliosta

**Tábhachtach**:
Mura dhéanann tú éileamh laistigh de shé mhí ón lá a dtagann an leanbh ar an saol, féadfar go gcaillfeá cuid den sochar.

**Más rud é go bhfuil tú dífhostaithe**:

Ar chomhlánaigh d'fhostóir foirm MB 2 tar éis seachtain 24 den téarma toirchis?

**Má tá tú féinfhostaithe nó má tá tar éis éirí as fostaíocht inárachaithe le déanaí:**

Ar chomhlánaigh do dhochtúir foirm MB 3 tar éis seachtain 24 den téarma toirchis?

**An bhfuil na nithe seo a leanas curtha in iamh agat?**

Más rud é nach saoránach LEE tú:

- Cóip de do Chead Cónaithe Éireannach (IRP) agus do phas, lena n-áirítear gach stampa iontrála agus imeachta, más ábhartha; agus
- Cóip de do cheadanna oibre go léir a coinníodh le trí bliana anuas, más ábhartha.

Má tá leanaí agat atá idir 18 agus 22 bliain d'aois atá ag freastal ar an oideachas go lánaimseartha, agus éileamh á dhéanamh agat ina leith:

- Litir óna scoil nó óna gcoláiste.

Sa chás gur phós tú, nó go ndeachaigh tú isteach i bpáirtnéireacht shibhialta áit lasmuigh de Phoblacht na hÉireann i ndiaidh duit na sonraí atá ag an roinn seo fút a nuashonrú:

- Cóip de do dheimhniú pósta nó de do dheimhniú clárúcháin páirtnéireachta sibhialta.

Sa chás go bhfuil tú as féinfhostaithe:

- An fhoirm admhála féinmheasúnaithe is deireanaí ó na Coimisinéirí Ioncaim.

**Tabhair faoi deara le go bhféadfar na doiciméid seo a leanas a bheith ag teastáil má tá tú ag déanamh éileamh i ndáil le ar do chéile, do pháirtí sibhialta nó do chomhchónaitheoir:**

- Má tá siad fostaithe, na sé duillín pá is déanaí más ionann a bpá agus €310 in aghaidh na seachtaine, nó más lú é ná sin.
- Má tá siad féinfhostaithe, an fhoirm admhála féinmheasúnaithe is deireanaí ó na Coimisinéirí Ioncaim.
- Cóip dá gCead Cónaithe Éireannach reatha nó dá gcead oibre reatha chomh maith lena bpas, agus na stampaí uile ann san áireamh (daoine nach saoránaigh LEE iad, amháin).
- Bille fóntais nó ráiteas bainc arna eisiúint é laistigh den trí mhí is deireanaí.
- Má tá siad ar scéim, lena n-áirítear an F.P. (C.E.), Tús nó scéim eile, na sé duillín pá is déanaí atá acu nó ráiteas fostóra arna eisiúint le sé seachtaine anuas.
- Litir óna scoil nó coláiste/Údarás Áitiúil.

**Nóta:** Ní féidir d'éileamh ar Shochar Máithreachais a phróiseáil go hiomlán go dtí go bhfaighfear na cáipéisí ábhartha go léir.

## Ná déan dearmad an Dearbhú i gCuid 4 a shíniú.

Má tá aon deacracht agat an fhoirm seo a líonadh, téigh i dteagmháil le Rannán an tSochair Mháithreachais, le haon Ionad Faisnéise do Shaoránaigh, nó leis an Ionad Intreo nó an Oifig Leasa Shóisialaigh i do cheantar féin.

## Nuair atá an fhoirm iarratais seo líonta isteach agat, cuir isteach í chuig:

Rannán an tSochair Mháithreachais
An Roinn Coimirce Sóisialaí
Bóthar Mhic Arthúir
Bun Cranncha
Co. Dhún na nGall
F93 CH79

Teileafón: (01) 471 5898
Íosghlao: 0818 690 690

Más ó thír lasmuigh d'Éirinn atá tú, cuir glao ar +353 1 471 5898

Ní íocfar Sochar Máithreachais leat as aon tréimhse a gcaitheann tú lasmuigh den AE. Más saoránach den AE tú, is féidir leat Sochar Máithreachais a fháil ar feadh aon tréimhse de do shaoire mháithreachais a chaitear i dtír AE. Más rud é nach saoránach AE tú, ní bhfaighidh tú Sochar Máithreachais ach amháin i dtaca le tréimhse a chaitheann tú in Éirinn.

Tá Sochar Máithreachais iníoctha seachtain roimh ré. Is íocaíocht seachtaine sé lá í agus ní íoctar í as an Domhnach. Déantar an íocaíocht ar an Luan. Má thosaíonn do shaoire aon lá seachas ar an Luan, beidh sé sin le brath sa chéad íocaíocht leat agus gheobhaidh tú íocaíocht laghdaithe don tseachtain sin.

### Ráiteas um Chosaint Sonraí

Déanann an Roinn Coimirce Sóisialaí an córas coimirce sóisialaí in Éirinn a riar. Ceanglaítear ar chustaiméirí sonraí pearsanta a chur ar fáil ionas go mbeifear in ann a n-incháilitheacht d'íocaíochtaí agus sochair ábhartha a chinneadh. Féadfar go ndéanfar sonraí pearsanta a mhalartú le ranna rialtais agus gníomhaireachtaí eile de réir mar atá foráil déanta dó sa dlí. Is féidir teacht ar an mbeartas um chosaint sonraí atá againn ag **www.gov.ie/dsp/privacystatement** nó i gcóip chrua.

Is mar threoir a glactar leis na míniúcháin agus na téarmaí sa bhfoirm seo seachas mar bhrí dhlíthiúil.

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
**MB 2**
Rangú Sonraí R

# An Teastas Fostóra don **Sochar Máithreachais**

Má tá tú fostaithe, caithfidh d'fhostóir an fhoirm seo a chomhlánú **tar éis seachtain 24 de do thoircheas**.

**Nóta:** Le bheith incháilithe don uastréimhse 26 sheachtain den Sochar Máithreachais, ní mór don fhostaí dhá sheachtain ar a laghad, agus 16 seachtain ar a mhéid, den tréimhse shaoire a thógáil roimh dheireadh na seachtaine a bhfuil sé beartaithe don leanbh teacht ar an saol. Más mian le d'fhostaí an íostréimhse den saoire mháithreachais, is é sin coicís, a ghlacadh roimh bhreith an linbh, ba chóir di tús a chur lena saoire mháithreachais ar an Luan roimh don tseachtain a bhfuil sé beartaithe don leanbh a bheith ag teacht ar an saol.

Mar shampla, más é Dé Céadaoin an 16/09/2020, an dáta tugtha atá ag an bhfostaí, is é Dé Luan an 07/09/2020 an dáta is deireanaí ar cheart di an tréimhse shaoire mháithreachais a thosú.

**Má dhéanann tú aon athruithe tar éis duit an fhoirm a chomhlánú, ní mór duit d'inisealacha a chur leo agus iad a dhátú, mura dhéantar amhlaidh ní mbeifear in ann glacadh leis an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil.**

Uimhir PSP an fhostaí:

Ainm d'fhostóra:

An dáta tugtha atá ag an fhostaí: L L M M B B B B

Saoire mháithreachais: Ón: L L M M B B B B

Saoire mháithreachais: Go dtí an: L L M M B B B B

## Iarratas ar an Modh Íocaíochta a Athrú

Níor cheart an chuid seo a chomhlánú ach amháin má tá an Sochar Máithreachais údaraithe ag d'fhostaí go n-íocfar na híocaíochtaí díreach leatsa.

## Institiúid Airgeadais

Tiocfaidh tú ar na sonraí seo a leanas priontáilte ar ráitis ó d'institiúid airgeadais.

Ainm na hinstitiúide airgeadais:

Cód Aitheantóra Bainc (BIC):

Uimhir Idirnáisiúnta Chuntas Bainc (IBAN):

Ainm(neacha) ar an gcuntas:

## Sonraí Teagmhála an Fhostóra

Uimhir chláraithe an fhostóra:

Ainm:

Seoladh:

Contae

Éirchód/ Cód poist

Uimhir ghutháin an fhostóra:

MÓIBÍLEACH

LÍNE TALÚN

Seoladh ríomhphoist an Fhostóra:

## Dearbhú an Fhostóra

Deimhním go bhfuil an fostaí i dteideal na tréimhse saoire máithreachais atá luaite ar an leathanach roimhe seo.

Stampa oifigiúil an fhostóra

Síniú (ní i mbloclitreacha)

Ainm (I mBLOCLITREACHA):

Post sa chuideachta nó san eagraíocht

Dáta deimhnithe: __ __ / __ __ / 2 0 __ __

L L M M B B B B

Má dhéanann tú aon leasú leis an fhoirm tar éis í a bheith críochnaithe, ní mór duit d'inisealacha a chur leo agus iad a dhátú, mura dhéantar amhlaidh ní mbeifear in ann glacadh leis an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil.

**Rabhadh:** D'fhéadfaí tú a ionchúiseamh, agus go ngearrfar fíneáil nó téarma príosúnachta araon ort, má thugann tú ráiteas bréagach nó má choinníonn tú siar faisnéis.

### Ráiteas um Chosaint Sonraí

Déanann an Roinn Coimirce Sóisialaí an córas coimirce sóisialaí in Éirinn a riar. Ceanglaítear ar chustaiméirí sonraí pearsanta a chur ar fáil ionas go mbeifear in ann a n-incháilitheacht d'íocaíochtaí agus sochair ábhartha a chinneadh. Féadfar go ndéanfar sonraí pearsanta a mhalartú le ranna rialtais agus gníomhaireachtaí eile de réir mar atá foráil déanta dó sa dlí. Is féidir teacht ar an mbeartas um chosaint sonraí atá againn ag **www.gov.ie/dsp/privacystatement** nó i gcóip chrua.

Is mar threoir a glactar leis na míniúcháin agus na téarmaí sa bhfoirm seo seachas mar bhrí dhlíthiúil.



Eagrán: Meán Fómhair 2021

# An Teastas Leighis don **Sochar Máithreachais**

Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
**MB 3**
Rangú Sonraí R

Má tá tú **féinfhostaithe nó más rud é nach bhfuil tú fostaithe faoi láthair**, caithfidh do dhochtúir an fhoirm seo a chomhlánú tar éis seachtain 24 de do thoircheas.

**Deimhním gur scrúdaigh mé**

Uimhir PSP an othair:

Ainm an othair:

agus go bhfuiltear in ann a bheith ag súil leis go mbeidh leanbh aici, i mo thuairim féin, ar an: L L M M B B B B

Dáta an scrúdaithe: L L M M B B B B

Ainm an dochtúra:

Uimhir phainéil an RCS: Uimhir IMC:

Seoladh an dochtúra:

Contae Éirchód

Uimhir fhóin an dochtúra:

Seoladh ríomhphoist an dochtúra:

Síniú an dochtúra

Stampa oifigiúil an dochtúra

Má dhéanann tú aon leasú leis an fhoirm tar éis í a bheith críochnaithe, ní mór duit d'inisealacha a chur leo agus iad a dhátú, mura dhéantar amhlaidh ní mbeifear in ann glacadh leis an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil

## Ráiteas um Chosaint Sonraí

Déanann an Roinn Coimirce Sóisialaí an córas coimirce sóisialaí in Éirinn a riar. Ceanglaítear ar chustaiméirí sonraí pearsanta a chur ar fáil ionas go mbeifear in ann a n-incháilitheacht d'íocaíochtaí agus sochair ábhartha a chinneadh. Féadfar go ndéanfar sonraí pearsanta a mhalartú le ranna rialtais agus gníomhaireachtaí eile de réir mar atá foráil déanta dó sa dlí. Is féidir teacht ar an mbeartas um chosaint sonraí atá againn ag **www.gov.ie/dsp/privacystatement** nó i gcóip chrua.

Is mar threoir a glactar leis na míniúcháin agus na téarmaí sa bhfoirm seo seachas mar bhrí dhlíthiúil.